Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2026
(OR. en)

8279/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0077(NLE)

RECH 171
COASI 68

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach
an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt,
agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile,
maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Léirigh Rialtas na Seapáine, le litir dár dáta an 1 Aibreán 2022, a spéis fhoirmiúil a bheith comhlachaithe le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ('an Clár Fís Eorpach').

(2) An 15 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/1081[2], lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Rialtas na Seapáine le haghaidh comhaontú maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Rialtas na Seapáine leis an gClár Fís Eorpach.

(3) Cuireadh an chaibidlíocht i gcrích, agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais ('an Comhaontú') an 22 Nollaig 2025.

---

1 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

2 Cinneadh (AE) 2023/1081 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an tSeapáin le haghaidh Comhaontaithe maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Seapáine i gcláir de chuid an Aontais agus maidir le comhlachas na Seapáine le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) (IO L 144, 5.6.2023, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1081/oj).

(4) Is iad cuspóirí an Chomhaontaithe creat marthanach um chomhar a bhunú idir an tAontas agus Rialtas na Seapáine agus na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir de chuid an Aontais atá oscailte dá rannpháirtíocht a leagan amach i gcomhréir leis na bunghníomhartha lena mbunaítear cláir an Aontais mar a shainítear sa Chomhaontú. Dá réir sin, is é is aidhm don Chomhaontú cur ar chumas an Aontais bearta comhair a chur i gcrích le Rialtas na Seapáine de bhun Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(5) De bhun Airteagal 3(1) den Chomhaontú, ceadaítear do Rialtas na Seapáine a bheith rannpháirteach i gcláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais atá oscailte dá rannpháirtíocht, i gcomhréir leis na bunghníomhartha agus mar a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú.

(6) De bhun Airteagal 3(2) den Chomhaontú, leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine sa Chlár Fís Eorpach sa Phrótacal maidir le comhlachas Rialtas na Seapáine le Clár Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a ghabhann leis an gComhaontú (‘an Prótacal’).

(7) I gcomhréir le treoracha caibidlíochta na Comhairle, rinneadh an Prótacal a chaibidliú i gcomhthreo leis an gComhaontú agus, de bhun Airteagal 17(9) den Chomhaontú, is cuid dhílis den Chomhaontú é. Tá Rialtas na Seapáine ina comhlach le Colún II ‘Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach’ den Chlár Fís Eorpach.

(8) Comhlíonann an tSeapáin na critéir a leagtar amach in Airteagal 16(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/695.

(9) Tá an Comhaontú i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2021/695, lena gceanglaítear go mbeidh comhlachas na dtríú tíortha leis an gClár Fís Eorpach faoi Airteagal 16(1), pointe (d), den Rialachán sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú lena gcumhdaítear rannpháirtíocht na tíre nó na críche sin in aon chlár de chuid an Aontais, ar choinníoll go n-áirithítear leis an gcomhaontú sin cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus tairbhí an tríú tír atá rannpháirteach i gcláir an Aontais, go leagtar síos leis coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair, agus costais riaracháin na gclár, nach dtugtar don tríú tír leis aon chumhacht chinnteoireachta i ndáil le clár an Aontais, agus go ráthaítear leis cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú.

(11) D’fhonn comhar tráthúil idir an tAontas Eorpach agus Rialtas na Seapáine i réimse an taighde, na forbartha teicneolaíochta agus na nuálaíochta a áirithiú, agus d’fhonn rannpháirtíocht eintitis na Seapáine a bhfuil an stádas mar eintitis ó thír chomhlachaithe acu sa Chlár Fís Eorpach a cheadú, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais ('an Comhaontú') a shíniú, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích[+].

*Airteagal 2*

1. Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 17(2) den Chomhaontú, agus faoi réir na bhfógraí dá bhforáiltear ann, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

2. Foilseofar an dáta óna gcuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[+] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in IO L, …, ELI: …